**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/856 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 25 Bealtaine 2021**

**lena gcinntear an dáta a ghlacfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar láimh a cúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ("OIPE") ([1]), agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 120(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá OIPE chun na cúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh a tugadh dó leis an Rialachán sin a ghlacadh ar láimh ar dháta atá le cinneadh trí chinneadh ón gCoimisiún ar thogra ón bPríomh-Ionchúisitheoir Eorpach a luaithe a chuirfear OIPE ar bun.

(2) An 7 Aibreán 2021, mhol an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach don Choimisiún gur cheart do OIPE a chúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh a ghlacadh ar láimh an 1 Meitheamh 2021.

(3) Is comhlacht doroinnte de chuid an Aontais é OIPE a fheidhmíonn mar aon Oifig amháin le struchtúr díláraithe. Ar an leibhéal lárnach, tá an Coláiste, na Dlísheomraí Buana, an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na Leas-Phríomhionchúisitheoirí Eorpacha, na hIonchúisitheoirí Eorpacha agus an Stiúrthóir Riaracháin. Ceapadh an Príomh-Ionchúisitheoir Eorpach, na hIonchúisitheoirí Eorpacha, na Leas-Phríomhionchúisitheoirí Eorpacha agus Stiúrthóir Riaracháin OIPE le cinntí a glacadh, faoi seach, an 23 Deireadh Fómhair 2019 ([2]), an 27 Iúil 2020 ([3]), an 11 Samhain 2020 ([4]), agus an 20 Eanáir 2021 ([5]). Bunaíodh an Coláiste an 28 Meán Fómhair 2020. I gcomhréir le hAirteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste rialacha nós imeachta inmheánacha OIPE an 12 Deireadh Fómhair 2020. De bhun na chéad fomhíre d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste na rialacha maidir leis na Dlísheomraí Buana an 25 Samhain 2020. Mar a shainmhínítear in Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2017/1939, tá foireann OIPE i bhfeidhm.

(4) Ar leibhéal díláraithe OIPE, tá na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha ann, atá suite sna Ballstáit a ghlacann páirt sa chomhar feabhsaithe maidir le bunú OIPE ("Ballstáit"). De bhun Airteagal 114(c) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste na rialacha maidir le coinníollacha fostaíochta na nIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha an 29 Meán Fómhair 2020. Ba cheart beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha ar a laghad a cheapadh le haghaidh gach Ballstáit roimh an 1 Meitheamh 2021. An dáta a glacadh an Cinneadh seo, bhí beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha ar a laghad in aghaidh an Bhallstáit ceaptha ag OIPE, seachas an Fhionlainn agus an

([1]) IO L 283, 31.10.2017, lch. 1.
([2]) IO L 274, 28.10.2019, lch. 1.
([3]) IO L 244, 29.7.2020, lch. 18.
([4]) Cinntí 010/2020 agus 011/2020 ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 11 Samhain 2020.
([5]) Cinneadh 003/2021 ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh an 20 Eanáir 2021.

tSlóivéin ([6]). Tá an tréimhse réasúnach ama atá ag na Ballstáit chun a n-iarrthóirí a ainmniú don phost mar Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach dulta in éag cheana. Níor cheart don staid seo cosc a chur ar thús éifeachtach oibríochtaí OIPE, agus é á chur san áireamh go bhféadfadh Ionchúisitheoir Eorpach na mBallstát lena mbaineann an t-imscrúdú a dhéanamh go pearsanta sna Ballstáit sin, agus cumhachtaí, freagrachtaí agus oibleagáidí uile an Ionchúisitheora Tharmligthe Eorpaigh aige, i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Rialachán (AE) 2017/1939.

(5) Deonaíodh buiséad uathrialach do OIPE i gcomhréir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 ([7]) lena ráthaítear a huathriail agus a neamhspleáchas iomlán.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) 2017/1939, bunaítear córas bainistithe cásanna OIPE agus feidhmíonn sé ar leibhéal lárnach agus ar leibhéal díláraithe. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin, a tugadh isteach le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2153 ón gCoimisiún ([8]), liostaítear catagóirí na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na catagóirí de dhaoine is ábhar do na sonraí a bhféadfar a sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil in innéacs na gcáschomhad ag OIPE.

(7) An 21 Deireadh Fómhair 2020, i gcomhréir le hAirteagal 78(5) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste na rialacha maidir le hOifigeach Cosanta Sonraí OIPE. An 28 Deireadh Fómhair 2020, ghlac an Coláiste na rialacha maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil ag OIPE. An 21 Deireadh Fómhair 2020, i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]), ghlac an Coláiste na rialacha inmheánacha a bhaineann le srianta ar chearta ábhar sonraí áirithe i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta riaracháin faoi chuimsiú gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag OIPE.

(8) An 13 Eanáir 2021, i gcomhréir le hAirteagal 95 de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le OIPE.

---

([6]) Cinntí ó Choláiste Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh: 19/2020 an 25 Samhain 2020 (ceapachán deichniúr Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine); 020/2020 an 25 Samhain 2020 (ceapachán ceathrar Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Slóvaice); 021/2020 an 2 Nollaig 2020 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na hEastóine); 22/2020 an 2 Nollaig 2020 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i bPoblacht Chónaidhme na Gearmáine); 024/2020 an 9 Nollaig 2020 (ceapachán Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach i bPoblacht na Slóvaice); 007/2021 an 3 Feabhra 2021 (ceapachán triúr Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Liotuáine); 008/2021 an 5 Feabhra 2021 (ceapachán triúr Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Seice); 009/2021 an 10 Feabhra 2021 (ceapachán seisear Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha sa Rómáin); 010/2021 an 10 Feabhra 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i Ríocht na hÍsiltíre); 016/2021 an 17 Márta 2021 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i Ríocht na Beilge); 022/2021 an 7 Aibreán 2021 (ceapachán triúr Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Bulgáire); 024/2021 an 7 Aibreán 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Cróite); 025/2021 an 7 Aibreán 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Seice); 026/2021 an 21 Aibreán 2021 (ceapachán ceathrar Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Fraince); 027/2021 an 21 Aibreán 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Laitvia); 031/2021 an 28 Aibreán 2021 (ceapachán seachtar Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i Ríocht na Spáinne); 032/2021 an 28 Aibreán 2021 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i bPoblacht Mhálta); 034/2021 an 3 Bealtaine 2021 (ceapachán cúig cinn déag d'Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na hIodáile); 035/2021 an 3 Bealtaine 2021 (ceapachán ceathrar Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Portaingéile); 037/2021 an 6 Bealtaine 2021 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i bPoblacht na Bulgáire); 041/2021 an 12 Bealtaine 2021 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i bPoblacht Mhálta); 045/2021 an 17 Bealtaine 2021 (ceapachán aon Ionchúisitheoir Tarmligthe Eorpach amháin i Ríocht na Beilge); 046/2021 an 17 Bealtaine 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na hOstaire); 047/2021 an 17 Bealtaine 2021 (ceapachán cúigear Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha sa Phoblacht Heilléanach); 048/2021 an 19 Bealtaine 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha i bPoblacht na Cipire); 059/2021 an 19 Bealtaine 2021 (ceapachán beirt Ionchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha in Ard-Diúcacht Lucsamburg).

([7]) IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11.

([8]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2153 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle maidir le catagóirí na sonraí pearsanta oibríochtúla agus na catagóirí daoine is ábhar do na sonraí a bhféadfar a sonraí pearsanta oibríochtúla a phróiseáil in innéacs na gcáschomhad ag Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 431, 21.12.2020, lch. 1).

([9]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

(9) An 27 Samhain 2020, i gcomhréir le hAirteagal 106(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, thug OIPE agus Ard-Diúcacht Lucsamburg Comhaontú Ceanncheathrún i gcrích. Cuireadh áitreabh na hOifige Larnaí i Lucsamburg ar fáil do OIPE.

(10) An 30 Meán Fómhair 2020, i gcomhréir le hAirteagal 107(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste socruithe inmheánacha teanga OIPE.

(11) An 21 Deireadh Fómhair 2020, i gcomhréir le hAirteagal 109(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, ghlac an Coláiste na rialacha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid OIPE.

(12) Thug na Ballstáit uile fógra don Choimisiún faoi ghlacadh na mbeart chun Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) a thrasuí sa dlí náisiúnta agus chuir siad bearta iomchuí eile i bhfeidhm go ginearálta chun a áirithiú gur féidir le OIPE tús a chur lena chuid oibre oibríochtúla.

(13) Le comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos sa dara fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, bunaítear OIPE agus tá sé réidh lena chúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh a ghlacadh ar láimh. Dá bhrí sin, ní mór an dáta a ghlacfaidh OIPE na cúraimí sin ar láimh a chinneadh.

(14) I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, níor cheart an dáta sin a bheith níos luaithe ná 3 bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin. Ós rud é gur tháinig Rialachán (AE) 2017/1939 i bhfeidhm an 20 Samhain 2017, níor cheart an dáta sin a bheith níos luaithe ná 20 Samhain 2020.

(15) I gcomhréir leis an gcéad fhomhír agus leis an gceathrú fomhír d'Airteagal 120(2) de Rialachán (AE) 2017/1939, feidhmeoidh OIPE a inniúlacht maidir le haon chion a thagann faoina inniúlacht a rinneadh tar éis 20 Samhain 2017, nó, i gcás na mBallstát a tháinig isteach sa chomhar feabhsaithe de bhua cinneadh arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 331(1) CFAE, an dáta atá léirithe sa chinneadh lena mbaineann.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an 1 Meitheamh 2021 a ghlacfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ar láimh na cúraimí imscrúdaithe agus ionchúisimh a tugadh di le Rialachán (AE) 2017/1939.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Bealtaine 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

([10]) Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).